C/2025/1920

28.3.2025

Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh

(C/2025/1920)

De bhun Airteagal 9(1), pointe (a), de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([1]), leasaítear na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ([2]) mar a leanas:

Ar leathanach 65, sa Nóta Míniúcháin a ghabhann leis na fo-cheannteidil AC '1102 20 10 go 1102 20 90 Gránphlúr (plúr arbhair Indiaigh)', cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Chun an cion saille a chinneadh, an modh anailíseach a leagtar amach in Iarscríbhinn III, cuid G, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún (IO L 54, 26.2.2009, lch. 1), cuirfear an modh sin i bhfeidhm i gcomhréir le Rialachán (CEE) Uimh. 1748/85 ón gCoimisiún (IO L 167, 27.6.1985, lch. 26).'

Ar leathanach 105, sa Nóta míniúcháin a ghabhann leis an gceannteideal AC '2302 Bran, géara agus iarmhair eile, bídís i bhfoirm millíní nó ná bídís, a fhaightear ó ghránaigh nó ó phlandaí léagúmacha a chriathrú, a mhuilleáil nó a phróiseáil ar bhealach eile', cuirtear an méid seo a leanas in ionad na míre deireanaí:

'Chun an cion stáirse a chinneadh (maidir leis an táirge mar a fhaightear é), an modh a leagtar amach in Iarscríbhinn III, cuid K, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún (IO L 54, 26.2.2009, lch. 1), cuirfear an modh sin i bhfeidhm.'

*Ar leathanach 105, sa Nóta míniúcháin a ghabhann leis an gceannteideal AC '**2303 Iarmhair ó mhonarú stáirse agus iarmhair chomhchosúla, laíon biatais, bagás agus dramh eile ó mhonarú siúcra, dríodar agus dramh ó ghrúdaireacht nó ó dhriogadh, bídís i bhfoirm millíní nó ná bídís**', cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:*

'Chun an cion stáirse agus próitéine a chinneadh, na modhanna a leagtar amach in Iarscríbhinn III, codanna K agus C, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún (IO L 54, 26.2.2009, lch. 1), cuirfear na codanna sin i bhfeidhm.'

*Ar leathanach 106, sa Nóta míniúcháin a ghabhann leis na fo-cheannteidil AC '**2303 10 11 agus 2303 10 19 Iarmhair ó mhonarú stáirse ó arbhar Indiach (gan licéir thiubhaithe lena gcur ar maos a áireamh), ina bhfuil cion próitéine, arna ríomh de réir an táirge thirim**', cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ceathrú mír:*

'Ní chumhdaítear leis na fo-cheannteidil seo ach táirgí ina bhfuil cion stáirse nach mó ná 28 % de réir meáchain ar an táirge tirim, rud a chinntear i gcomhréir leis an modh atá in Iarscríbhinn III, cuid K, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún (IO L 54, 26.2.2009, lch. 1), agus cion saille nach mó ná 4,5 % de réir meáchain ar an táirge tirim, rud a chinntear i gcomhréir leis an modh atá in Iarscríbhinn III, cuid G, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún (IO L 54, 26.2.2009, lch. 1).'

*Ar leathanach 108, sa Nóta míniúcháin a ghabhann leis an gceannteideal AC '**2309 Ullmhóidí de chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe**', cuirtear an téacs seo a leanas in ionad an téacs atá ann cheana sa dara fleasc den cheathrú mír:*

'Chun an cion stáirse a chinneadh, an modh polaraiméadrach (ar a dtugtar modh leasaithe Ewers freisin) a leagtar síos in Iarscríbhinn III, cuid K, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún (IO L 54, 26.2.2009, lch. 1), cuirfear an modh sin i bhfeidhm.

I gcás nach bhfuil an modh polaraiméadrach infheidhme, e.g. mar gheall ar láithreacht méideanna móra ábhar amhail iad sin a liostaítear ina dhiaidh seo, an modh anailíseach einsímeach chun cion stáirse a chinneadh, a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 121/2008 ón gCoimisiún (IO L 37, 12.2.2008, lch. 3), cuirfear an modh sin i bhfeidhm. Is féidir an modh sin a úsáid freisin le haghaidh beatha ina bhfuil cion stáirse is lú ná 1 %.

([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

([2]) IO C 119, 29.3.2019, lch. 1.

Is eol go n-eascraíonn trasnaíocht as na hábhair shonracha seo a leanas agus an modh polaraiméadrach á chur i bhfeidhm:

(a) táirgí biatais (siúcra) amhail laíon biatais (siúcra), molás biatais (siúcra), laíon biatas (siúcra) molásaithe, fíonfhuíoll biatas (siúcra);

(b) laíon citris;

(c) ros lín; asbhrúchán rois; ros lín eastósctha;

(d) síol ráibe; asbhrúchán síl ráibe; síol ráibe eastósctha; crotail síl ráibe;

(e) síol lus na gréine; síol lus na gréine eastósctha; síol lus na gréine, coirtithe go páirteach, eastósctha;

(f) asbhrúchán copra; copra úsctha;

(g) laíon prátaí;

(h) giosta díhiodráitithe;

(i) táirgí lán le hionúilin (sliseanna agus min bliosán gréine, mar shampla);

(j) geirdheascadh;

(k) táirgí pónairí soighe.'